

Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Sloinn agus cothromóidí

Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
--	-----------------------------------	--	-----------------------------------

Trí eispéiris chúí foghlama spráilúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann

Torthaí Foghlama			
Coincheapa matamaiticiúla	míniú na siombailí nó na bpictiúr a léirmhíniú in uimhir-abairtí.	fadhbanna a bhfuil luachanna aithnide agus neamhaithnide acu a chur i láthair agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear siombailí litreach nó focail chúí.	cásanna matamaiticiúla a chur in iúl, a léiriú agus a réiteach trí úsáid a bhaint as sloinn agus cothromóidí a bhfuil siombailí litreach iontu.
	Is féidir gnáthchúrsaí an tsaoil a léiriú ach láimhseoga, léaráidí agus abairtí focal agus uimhir-abairtí a úsáid.	Nuair atáthar ag léiriú gnáthchúrsaí an tsaoil, is féidir siombailí a úsáid chun uimhir anaithnid, méid a athraíonn (<i>athróg</i>), nó gach uimhir (<i>an cás ginearálta</i>).	Is féidir cás gnáthshaoil a léiriú le slonn nó sraith slonn.
	Cuireann comhartha cothroime (=) cothroime in iúl, ach cuireann ≠, < agus > éagothroime in iúl.	Is féidir cásanna gnáthshaoil agus feidhmeanna a chur i láthair i réimse d'fhoirmeacha, lena n-áirítear, uimhreacha, focail, siombailí agus táblaí.	D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná uimhir neamhaithnid amháin nó athróg amháin ag slonn. Ní mór gach uimhir neamhaithnid nó athróg a léiriú le siombail faoi leith.
	In uimhir-abairtí (cothromóidí), is féidir le siombailí seasamh d'iarraidh chun rud éigin a dhéanamh (+, -, x, ÷), is féidir leo caidreamh a léiriú (=, <, >, ≠), nó d'fhéadfadh gur rud anaithnid iad nó rud a athraíonn.	Is caidreamh speisialta í feidhm ina bhfuil aon toradh amháin ag gach ionchur. Tá trí phríomhpháirt i gcónaí ann, an t-ionchur, an caidreamh feidhme agus an toradh.	Agus slonn á chruthú chun cás gnáthshaoil a léiriú, féadfar slonn fada nó casta a shimpliú agus is féidir leis sin a bheith úsáideach.
	In uimhir-abairt, is féidir fórais uimhris a úsáid mar chúnaimh chun luach neamhaithnid a fháil.	Tá sé áisiúil feidhm a léiriú ach úsáid a bhaint as focail, siombailí, graif, táblaí nó léaráidí chun torthaí a shainiú le haghaidh ionchuir faoi leith agus an bealach eile thart.	Agus cothromóid á 'réiteach' ní mór na luach(anna) a fháil amach don tsiombail atá i gceist a fhágann go bhfuil an cothromóid fíor.